## ***An Roinn Comhshaoil***

### *An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992*

Fógra de bhun alt 108 {3} den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 go bhfuil sé i gceist gearán a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche maidir le torann a thugann cúis réasúnach bearráin

Gearánaí____________________________________________________________[1]

As____________________________________________________________

Cosantóir____________________________________________________________ [2]

As____________________________________________________________-

DE BHRÍ go maíonn an gearánach thuasainmnithe gurb é an cosantóir thuasluaite an * duine
* an comhlacht [3] atá ag déanamh, ag cruthú an torainn nó atá freagrach as an torann seo a leanas, is é sin,

____________________________________________________________ [4]

ag______________________________ [4] i gceantar na Cúirte Dúiche Uimh.__agus limistéar na

Cúirte Dúiche de _____________ [4] a bhfuil an torann sin chomh mór / chomh leanúnach / chomh

minic / chomh fada sin / chomh hard sin nó ag tarlú ag amanna [5]chun cúis réasúnach bearráin a

thabhairt don/do

- ghearánaí,
- dhuine in aon áitreabh sa chomharsanacht
- dhuine a bheidh go dleathach ag úsáid áit phoiblí, [3]

TUGTAR FÓGRA LEIS SEO don chosantóir go bhfuil sé de rún ag an ngearánaí gearán a dhéanamh de bhun alt 108 {1} den Acht thuas maidir le suí de chuid na Cúirte Dúiche don limistéar cúirte sin agus an ceantar sin a thionólfar i

____________________________________________________________

an ________________lá de _________20__ ag _________ r.n./i.n. [6] ar dáta é nach luaithe ná 7 lá de dháta an fhógra seo, agus ordú a lorg de bhun an ailt sin i ndáil leis an torann sin.

Arna dhátú an_____lá seo de ______________ 20__ [7] Sínithe __________________________[8]

Do ____________________________________ as______________________________________[2]

An cosantóir thuas ainmnithe

Tugann an bhileog seo achoimre ar na céimeanna atá ar fáil duit faoin dlí sa chás ina bhfuil tú curtha amach de bharr torainn. Tá sé ceaptha le bheith ina treoir phraiticiúil agus ní léirmhíniú dlíthiúil ar an dlí í. Le haghaidh tuilleadh eolais is féidir leat dul i gcomhairle le do Chomhairle Contae nó le do Bhardas Contaebhuirge, ag brath ar an áit a bhfuil tú i do chónaí.

**1. An bhfuil simpliú déanta ar an nós imeachta chun déileáil le gearáin maidir le torann?**

Tá, rinne an tAire um Chaomhnú Comhshaoil Rialacháin i mí Iúil, 1994 chun go mbeadh sé níos éasca gearáin faoi thorann a thabhairt chuig an gCúirt Dúiche.

**2. Cén chaoi a bhfuil an nós imeachta nua difriúil leis an nós imeachta roimhe seo faoi na hAchtanna Pleanála?**

Tá sé níos simplí agus níos tapúla ós rud é gur féidir le duine amháin atá ag gníomhú ina aonar gearán a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche anois. Roimhe seo, bhí ar thriúr ar a laghad a bhí ina gcónaí nó ag seoladh gnó i limistéar na núise torainn líomhnaithe an fógra gearáin a shíniú.

**3. An bhfuil na nósanna imeachta nua ceaptha le déileáil le cineálacha áirithe torainn?**

Tá, baineann fadhbanna torainn a thuairiscítear don Roinn Comhshaoil go príomha le torann na comharsanachta, mar shampla torann leanúnach ó thithe eile, ó cheardlanna baile, ó ghnólachtaí áitiúla srl. Tá na Rialacháin seo ceaptha go príomha le dul i ngleic le gearáin den sórt sin.

**4. An ndéantar eisceachtaí maidir le haon chineál torainn?**

Déantar. Tá gearáin faoi thorann aerárthaí eiscthe go sonrach agus ba chóir gearáin den sórt sin a dhíriú chuig an údarás aerfoirt atá i gceist nó chuig an Roinn Iompair, Fuinnimh agus Cumarsáide.

**5. Cathain is féidir liom gníomhú chun déileáil le torann atá ina núis?**

Aon uair a mheasann tú go bhfu chomh mór / chomh leanúnach / chomh minic / chomh fada sin / nó chomh hard sin nó go dtarlaíonn sé ag cibé tráthanna a thugann cúis réasúnach bearráin duit is féidir leat gníomhú chun déileáil leis.

**6. Cén sórt gnímh is féidir liom a dhéanamh ?**

Ar an gcéad dul síos, d’fhéadfadh gur leor é a mhíniú don té is cúis leis an torann go bhfuil sé ina núis agus mar sin teacht ar réiteach atá inghlactha ag an dá thaobh.

Más rud é, ar chúis ar bith, nach n-éiríonn le cur chuige den sórt sin is féidir leat smaoineamh ar do cheart a fheidhmiú gearán a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche chun Ordú a lorg chun déileáil leis an núis.

**7. An réiteoidh an Chúirt Dúiche m'fhadhb?**

Is é dualgas na Cúirte Dúiche an dá thaobh den chás a chloisteáil.

Nuair a thugann an chúirt breith i d'fhabhar is féidir léi ordú a thabhairt don duine nó don chomhlacht a dhéanann an torann é a laghdú go leibhéal sonrach, é a theorannú, m.sh., go hamanna sonraithe, nó stop iomlán a chur air.

**8. An bhfuil aon choinníollacha dlíthiúla ar gá dom a chur san áireamh sula gcinnim gearán a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche?**

Tá, coinníollacha áirithe sonraithe sa reachtaíocht arb ionann iad agus cosaint mhaith sa Chúirt don duine a bhfuil sé líomhnaithe ina choinne go gcruthaíonn sé/sí an núis.

**9. Cad iad na coinníollacha "cosaint mhaith"?**

Féadfaidh an duine lena mbaineann a chruthú

- gur ghlac sé / sí gach cúram réasúnach leis an torann a chosc nó a theorannú trí úsáid a bhaint as áiseanna, as cleachtais agus as modhanna oibríochta atá oiriúnach chun na críche sin, nó
- go bhfuil an torann i gcomhréir le ceadúnas a eisíodh faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nó le Rialacháin a rinne an tAire faoin Acht.

**10. An gcaithfear an tOrdú Cúirte a chomhlíonadh?**

Caithfear, ní mór don duine {nó don chomhlacht} lena mbaineann cloí leis an Ordú Cúirte.

**11. Conas is féidir liom gearán a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche ?**

Nuair a bheartaíaíonn tú do chás a thabhairt chun na Cúirte tá roinnt céimeanna le leanúint agat

{i} Téigh i gcomhairle le Cléireach na Cúirte Dúiche áitiúla maidir le coinne chun do chás a éisteacht. Caithfidh an choinne seo a bheith ar a laghad seacht lá níos déanaí ná an dáta ar a gcuirfidh tú an duine atá freagrach as an núis torainn ar an eolas go mbeidh tú ag tabhairt do cháis chun na Cúirte.

*Agus tú i gcomhairle le Cléireach na Cúirte ba chóir duit a bheith in ann tagairt bheacht a dhéanamh don reachtaíocht a bhaineann le do chás; is é seo alt 108 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 agus na Rialacháin fán Acht um Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 {Torainn}, 1994 {I.R.. Uimh. 179 de 1994}.*

{ii} Nuair atá am socraithe le haghaidh d'éisteacht Cúirte ní mór duit a chur in iúl don duine lena mbaineann go mbeidh tú ag déanamh gearáin leis an gCúirt.

{iii} Ní mór duit fógra faoi leith a úsáid chun an duine lena mbaineann a chur ar an eolas. Tá sé seo sonraithe sna Rialacháin agus gheobhaidh tú cóip eiseamláireach faoi iamh.
Tá sé tábhachtach go n-úsáideann tú an fógra seo amháin agus go gcomhlánaíonn tú é go hiomlán agus go cruinn. Feicfidh tú ón bhfógra eiseamláireach go gcaithfidh an dáta chun do ghearáin a dhéanamh leis an gCúirt a bheith **7 lá ar a laghad** tar éis dháta an fhógra.

{iv} Téann tú ag an gCúirt ag an am socraithe agus cuireann tú do ghearán i láthair.

**12. An gá dom dul i gcomhairle le dlíodóir más mian liom gearán a dhéanamh leis an gCúirt?**

Ní gá, agus ná níl aon cheanglas ann go ndéanfaidh dlíodóir ionadaíocht ar do shon sa Chúirt. Mar sin féin, más mian leat, féadfaidh tú dlíodóir a fhostú chun an gearán a ullmhú agus/nó é a chur i láthair sa Chúirt.

**13. An bhfuil ról ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le déileáil le fadhbanna torainn?**

Tá. Tá na cumhachtaí céanna ag an nGníomhaireacht agus atá ag duine aonair gearán a dhéanamh faoi núis torainn sa Chúirt Dúiche. Ina theannta sin, i gcás gníomhaíochta a bhfuil ceadúnas ag teastáil ina leith faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, féadfaidh an Ghníomhaireacht ceanglas a dhéanamh go nglacfar bearta sonraithe chun an torann a chosc nó a theorannú. Ní mór don duine {nó don chomhlacht} a bhfuil an ceanglas air/uirthi bearta den sórt sin a dhéanamh iad sin a dhéanamh nó dul faoi ionchúiseamh. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht féin na bearta leighis a dhéanamh agus an costas a ghnóthú ón duine atá i gceannas ar fhoinse an torainn.

**14. An bhfuil ról ag m'údarás áitiúil maidir le déileáil le fadhbanna torainn ?**

Tá, tá na cumhachtaí céanna ag údaráis áitiúla agus atá ag daoine aonair gearán a dhéanamh faoi fhadhbanna torainn don Chúirt Dúiche. Ina theannta sin, tá cumhachtaí comhchosúla acu leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil acu maidir le háitribh, le próisis agus le hoibreacha seachas iad siúd a dteastaíonn ceadúnais uathu faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

**15. An féidir liom dul i dteagmháil leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nó le m'údarás áitiúil maidir le fadhbanna torainn?**

Is féidir. Tá sé de chumhacht ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a éileamh ó ghníomhaíochtaí atá incheadúnaithe ag an nGníomhaireacht go nglacfar bearta chun torann a chosc nó é a theorannú. I gcásanna eile tá cumhachtaí comhchosúla ag údaráis áitiúla. Féadfaidh saoránach a iarraidh ar an nGníomhaireacht nó ar an údarás áitiúil, de réir mar is cuí, a c(h)umhacht a fheidhmiú maidir le torann ar chúis le núis é.

**16. Cad iad na pionóis as sárú an dlí?**

Fíneáil suas le £1,000 nó príosúnacht ar feadh suas le 12 mhí nó an dá rud.

**17. An bhfuil caighdeáin torainn sonraithe ann, ar nós uasleibhéal in áiteanna áirithe?**

Níl faoi láthair ach tá an obair riachtanach chun é sin a dhéanamh idir lámha. Tabharfar tús áite do chaighdeáin do cheantair chónaitheacha tráchtála agus tionsclaíocha, do scoileanna agus d'ospidéil.

Tá an reachtaíocht lena rialaítear torann mar núis in dhá ionstraim dhlí, eadhon

- An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, {ailt 107 agus 108}
- An tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 Rialacháin {Torainn}, 1994 {I.R. Uimh. 179 de 1994}.

***NÓTAÍ MAIDIR LEIS AN bhFOIRM SEO A CHOMHLÁNÚ***

1. Cuir isteach ainm agus seoladh an duine nó an údaráis áitiúil atá ag déanamh gearáin.
2. Cuir isteach ainm agus seoladh an duine nó an chomhlachta a bhfuil sé líomhnaithe ina c(h)oinne gurb é/í is cúis leis nó freagrach as an torann {féach alt 14 den Acht maidir le fógra a sheirbheáil}.
3. *Scrios de réir mar is cuí
4. Cuir isteach sonraí an torainn a ndearnadh gearán ina leith - lena n-áirítear an suíomh i limistéar na cúirte agus an cheantair, cineál, foinse, dáta, am, srl.
5. Scrios cibé ceann de na téarmaí agus na coinníollacha sin a d'fhéadfadh a bheith neamhoiriúnach i gcás an torainn lena mbaineann.
6. Cuir isteach sonraí na Cúirte lena mbaineann.
7. Cuir isteach an dáta.
8. Le bheith sínithe ag an ngearánaí, .i. an t-údarás áitiúil nó an duine lena mbaineann.

N.B. Féadfaidh an Chúirt a ordú don duine nó don chomhlacht atá ag déanamh, ag cruthú nó atá freagrach as an torann na bearta is gá a dhéanamh chun an torann a laghdú go leibhéal sonraithe nó bearta sonraithe a dhéanamh chun an torann a chosc nó a theorannú.